# AR CHUALA TÚ?

Conamara Láir

Pleanáil Teanga Chonamara Láir

## Tús Maith Leath na hOibre

le Máirín Ní Choisdealbha-Seoige,
Oifigeach Forbartha Chonamara Láir




Máirín Ní Choisdealbha-Seoige agus Titta Jones, úinéir Lilly's Eo Clean ar Ireland AM



Independent.ie

Subscribe

'We live a simple life… it makes us feel rich' – Connemara group campaigns for newcomers to relocate

Residents hail 'unique and safe landscape'

7

Conamara Láir Campaign

Eavan Murray
August 10 2021 02:30 AM

Alt faoin bhfeachtas san Irish Independent

**Caithfidh Forbairt Chonamara Láir Teo.., buíochas a ghlacadh le hÚdarás na Gaeltachta agus Pleanáil Teanga Chonamara Láir as an gcúnamh agus tacaíocht a thug siad maidir leis an bhfeachtas seo. Ba buntáiste mór a bhí ann comhoibriú le Aniar TV & Lorg Media atá gairmiúil agus dícheallach.**

**Mheall an Feachtas seo go leor fiosrúchán ó thimpeall na tíre agus na cruinne, ó theaghlaigh, ó dhaoine aonair agus ó ghnólachtaí.**

**Tá Forbairt Chonamara Láir Teo. i gcomhfhreagras le gach fiosrúchán a fhaightear le linn an fheachtais seo.**
**Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leis na scoileanna, na comhlachtaí, na seirbhísí agus úinéirí tithe atá ag soláthar an eolais cuí. *Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine*.**

**Tá Forbairt Chonamara Láir Teo., ag obair le ceantálaithe áitiúla maidir le liosta tithe sa cheantar a chur ar fáil.** *Ba mhaith le Forbairt Chonamara Láir Teo. eolas a fháil maidir le haon tithe atá ar cíos nó le díol sa cheantar chun tuilleadh borradh a chur leis an bhfeachtas.*

**Is mór an tacaíocht iad Údarás na Gaeltachta atá ag cur eolas agus comhairle riachtanach ar fáil d'athlonnú gnó go dtí Conamara Láir.**

**Is é sonraí teagmhála an Fheachtais:**
**eolas@conamaralair.ie**

# Bithéagsúlacht Pobail agus Oiliúint ar Bhithéagsúlacht Uisce i gConamara



An Fómhar seo, tá Forum Chonamara ag tabhairt deis iontach duit féin agus don phobal a bheith páirteach in dhá chúrsa oiliúna bithéagsúlachta. Tabharfaidh na cúrsaí seo léargas domhain den ghnáthóg agus speiceas ar leith atá i gConamara agus treoróidh sé tú trí na bealaí ar féidir an bhithéagsúlacht a athbhunú agus a chaomhnú i do cheantar. Foghlaimeoidh tú na scileanna a theastaíonn chun difríocht ollmhór a dhéanamh do bhithéagsúlacht an cheantair.

**Ár ndaoine, ár n-áit.**

Bithéagsúlacht Uisce

Is é aidhm an Chúrsa Bithéagsúlacht Uisce ná go bheifeá ag cur aithne ar na haibhneacha áitiúla agus cén chaoi ar féidir iad a chosaint. Beidh tú ag foghlaim faoi na deacrachtaí atá os comhair na haibhneacha agus teacht ar smaointí agus gníomhartha chun dul i ngleic leis na fadhbanna sin.

Torthaí foghlama

·An chaoi a n-oibríonn dobharcheantair agus chomh tábhachtach agus atá sé dár n-aibhneacha áitiúla

·Cad iad na foinsí truaillithe abhann agus cén chaoi ar féidir linn dul i ngleic leo.

·Conas feabhas a chur ar an teacht aniar ó thionchar an athraithe aeráide ar dhobharlaigh ár gceantar

·Cén chaoi a bheith mar eolaí saoránach agus iniúchadh a dhéanamh ar gcaighdeán uisce atá sna sruthanna

· na pleananna agus tionscadail a rachadh chun sochair don abhann

· Cén chaoi a féidir leat teacht ar mhaoiniú chun na pleananna seo a chur i bhfeidhm

Ina theannta sin, gheobhaidh do phobal an deis dul ar thuras go dtí an abhann is áitiúla agus foghlaim faoi conas scrúdú a dhéanamh ar an abhann sin, déanfar plé ar na pleananna agus na tionscadail ionchasacha chun caighdeán an uisce agus an bhithéagsúlacht a fheabhsú, agus foghlaim cén chaoi a féidir caighdeán an uisce a mheas trí fhéachaint ar na fabhtanna a mhaireann sa sruthán.

Má chríochnaíonn tú an chúrsa, beidh Plean Gníomhaithe ar son Bithéagsúlacht Uisce ag do phobal a oireann an abhainn áitiúil. Beidh sé seo tábhachtach mar go dtugann sé deis duit maoiniú a fháil go héasca chun an phlean a chur i bhfeidhm.

Bithéagsúlacht

Is é aidhm an chúrsa Bithéagsúlachta ná go mbeadh aithne agat ar ghnáthóga Chonamara agus na plandaí agus ainmhithe uathúla atá timpeall orainn. Foghlaimeoidh tú conas ar féidir bithéagsúlachta agus stóráil charbóin a mhéadú i do cheantar. Chomh maith leis seo, beidh do phobal in ann páirt a ghlacadh ar chúrsaí allamuigh ar nós plandáil crann, síolta a shábháil, taifeadadh bithéagsúlachta agus mapáil gnáthóige. Ní amháin sin ach beidh fiú deis agat Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta a chruthú chun go mbeidh tú in ann maoiniú a fháil agus an plean a chur i bhfeidhm.

Trí freastal ar an gcúrsa, foghlaimeoidh tú:

- Faoin ngéarchéim bithéagsúlachta agus cén chaoi a bhfuil an tír ag déileáil leis
- Na bealaí simplí agus praiticiúla a féidir an bithéagsúlacht a mhéadú i do cheantar
- Conas rialú a dhéanamh ar speiceas ionrach
- Le bheith mar eolaí saoránach- céard is féidir leat a bheith páirteach ann?
- Na pleananna agus tionscadail a rachadh chun sochair i do cheantar
- Cén chaoi is féidir leat teacht ar mhaoiniú chun na pleananna seo a chur i bhfeidhm

Is féidir le do phobal dul i mbun ábhair ar nós:

- Plandáil crann
- Síolta a shábháil
- Taifeadadh bithéagsúlachta
- Mapáil gnáthóige
- Ceardaíocht dúlra

Tá an clárúchán ar oscailt do rannpháirtithe atá 16 bliana d'aois nó níos sine.

Cliceáil ar an nasc seo chun clárú:

https://share.hsforms.com/1DhXvGObhTMeCKRbWUbP_2g30bps

Chun breis eolais a fháil, téigh chuig:

https://hubs.ly/H0SRRSN0 or www.forumconnemara.ie

# Cliabhán Cultúrtha

Ba mhaith linn buíochas ó chroí a ghlacadh le Áighne agus Mary Ann Uí Chadhain a ghlac páirt sa gCliabhán Cultúrtha do mhí Lúnasa. Chas siad an t-amhrán álainn 'Long Mhór na mBúrcach'. Arís, ba mhaith linn cuireadh agus fáilte a thabhairt do aon dhuine/grúpa a bheadh suim acu físeán a chur inár dtreo. Is féidir féachaint siar ar na físeáin eile ar ár suíomh idirlín- www.conamaralair.ie



# Cóitseáil Saol le Marion Ní Chonghaile

Is mise Marian Ní Chonghaile (Cóitseálaí Saoil & feidhmiúcháin) agus is as Leitir Móir na Coille mé, baile beag álainn in aice le Camus. Rugadh i Londain mé agus d'fhill muid abhaile mar chlann i 1975. Is as Leitir Móir na Coille mo chuid tuismitheoirí.
Táom cáilithe mar chóitseálaí saoil ó 2019 agus go luath ina dhiaidh sin bhunaigh mé Thrive with Marian. Tar éis dhá athrú saoil, ceann acu seo i 2004 agus ceann eile i 2016, thuig mé go raibh athrú slí beatha uaim chomh maith le athrú saol. Bhi suim an-mhór agam i bhforbairt pearsanta ó aois óg agus mhothaigh go raibh mé tarraingthe i dtreo an chóitseáil tar éis comhrá le cara.
Tabharfaidh mo chuid cláracha cóitseáil cúnamh duit deá-nósanna fadtearmach a chruthú agus athruithe dearfacha a dhéanamh. Ag an am céanna, déanfar forbairt ar d'fhéin-mhuinín agus féintuiscint, rud a thugann dóchas duit spriocanna maithe a shocrú duit féin agus cothromaíocht oibre agus saoil a bhaint amach.
Cuireann mé ar fáil spás sabháilte gan bhreithiúnas- spás oscailte ina bhfuil tú ábalta do chuid imní agus dushláin a roinnt agus plé a dhéanamh ar aon constaicí atá ag seasamh i do bhealach.
Tá mé thar a bheith sásta go bhfuilim in ann seirbhís trí mheáin na Gaeilge a chuir ar fáil.
Bí i dteagmháil má tá tuilleadh eolais uait nó aon cheist agat maidir le cóitseáil.

## Caith seal ort féin

Cóitseáil Saoil le Marian Ní Chonghaile

An bhfuil tú dóite amach?
An bhfuil do ag mothú caillte sa saol?

- Forbairt meon aigne
- Forbairt pearsanta
- Féinmheas
- Deá-nósanna sláinte & intinne
- Féinmhuinín a neartú
- Spriocanna a shocrú
- Stíl mhaireachtála a athrú



@thrivewithmarian

## Tabharfaidh céim ar chéim ar thuras na mílte tú.

**Seirbhís Cóitseáil Corparáideach agus ceardlann ar fáil**

Déan teagmháil le
Marian Ní Chonghaile ag:
www.thrivewithmarian.com
086 8533397

@thrivewithmarian

# Campa Tús Nua

Is mise Elaine Ní Niaidh agus tá áthas orm a fhógairt gur mise an t-oibrí óige nua i gceantar an Chaisil.
Is páirt é seo de threoirthionscadal le comhpháirtíocht idir Muintearas Teo agus Pleanáil Teanga Chonamara Láir. Tá sé mar aidhm agam gníomhaíochtaí leanúnacha óige a reáchtáil i gceantar Chaisil. Reáchtálfar gach imeacht trí Ghaeilge chun níos mó daoine a spreagadh chun an teanga a labhairt lasmuigh d'uaireanta scoile.
Tar éis labhairt le tuismitheoirí áitiúla, d'aithníomar go bhfuil gá le club óige. Tá coiste oibre curtha le chéile againn i gCaiseal agus tá sé an-ghníomhach cheana féin. D'eagraigh muid Lá Spraoi ar an 10 Iúil agus ceann eile ar an 21 Lúnasa. Tugann na laethanta spraoi seo léargas dhúinn ar an mbealach a bheidh an club óige ag feidhmiú amach anseo.
Shocraigh muid campa samhraidh a eagrú le linn na chéad seachtaine de Lúnasa agus táimid bródúil a fhógairt gurbh é seo an chéad champa a ritheadh trí mheán na Gaeilge sa cheantar.
Shocraíomar gur chóir Tús Nua a thabhairt mar ainm ar an gcampa, mar mhothaíomar go raibh sé an-oiriúnach maidir leis an aidhm a bhí againn, sé sin an Ghaeilge a chur chun cinn ar bhealach a bheadh dearfach agus dóchasach.
Bhí éagsúlacht mhór sa champa idir spórt, ealaín, ceardaíocht, eolaíocht agus roinnt gníomhaíochtaí maidir leis an dúlra agus an fharraige mór-thimpeall orainn.
"Bhí go leor spraoi agam le go leor eagsúlacht ann" - Óisin Ó Niadh
Ba mhaith liom buíochas mór a ghabháil le Muintearas as a gcabhair agus le PT Chonamara Láir a thug t-léinte álainn do gach páiste leis an ainm Tús Nua orthu, chun ceiliúradh a dhéanamh ar óige cheantar an Chaisil / Sraith Salach agus Glinnsce.
Tá buíochas mór tuillte ag an bhfoireann a bhí ag obair ar an gcampa: Vivienne Ní Niaidh, Gladys Uí Niaidh, Barbara Uí Laoi, Cliodhna Ní Lachtnain & Cliona Dunne.
"AN CAMPA IS FEARR, BHÍ SÉ CLASS" Ruadhán Ó Cinnfhaolaidh







# Cliabhán Gnó Chonamara Láir

**Tá sé tábhachtach go mbeadh líonrú níos fearr i measc na ngólachtaí agus na seribhísí go léir i gConamara Láir. Ba mhaith linn tacaíocht a thabhairt do do ghnó nó seirbhís trí:**

**·Láithreacht ar ár suíomhanna meán shóisialta**
**·Eolaire gnó ar líne**
**·Poiblíocht ar shuíomh idirlín Chonamara Láir**

**Tá fáilte roimh dhaoine ón earnáil phoiblí agus phríobháideach, fiontraithe, fostóirí, gairmithe agus ealaíontóirí ó gach earnáil clarú le www.conamaralair.ie saor in aisce. Níl le déanamh ach foirm iarratais líonadh amach. Is féidir teagmháil a dhéanamh linn ag ocpt@conamaralair.ie chun an t-eolas cuí a fháil.**


**Faoi láthair, táimid ag cur tús le feachtas nua, 'Cliabhán Gnó Chonamara Láir', a thabharfadh ardán do gnólachtaí agus seirbhísí áitúila ar na meáin shóisialta. Is éard atá i gceist ná físeán beag a chur le chéile ag freagairt trí cheist bunaithe ar eolas faoi do ghnó/seirbhís agus cuirfear é seo ar ár suíomhanna meán shóisialta.Tapaigh do dheis laithreach tré riomphost a sheoladh chugainn ag leiriú spéise. Is deis iontach é chun breis poiblíocht a thabhairt di do ghnó anseo i gConamara Láir. Gheobhaidh na rannpháirtithe Gradam Aitheantais (ar nós a bronnadh ar Comhar Creidmheasa Chonamara sa gcúinne íochtar ar dheis)**

**Sa chéad fhíseán, freagraíonn Marie Ward, bean áitiúil atá ina chónaí sa cheantar, ceisteanna maidir leis an seirbhís a chuireann Comhar Creidmheasa Chonamara ar fáil don phobal. Ba mhaith linn buíochas mór a ghlacadh le Marie agus le Connemara Credit Union as ucht páirt a ghlacadh sa gCliabhán Gnó.**





# Coirnéal Chomhrá-'Ar Chuala Tú?'



**Aoí na Míosa: Fiona Bhreathnach**
Múinteoir Bunscoile, Scoil Cholmáin Muigh-Inis
Ball de Choiste Stiúrtha Pleanála Teanga Chonamara Láir

**1.Aon ainm eile ina bhfuil aithne ag daoine ort?** Tá aithne ag go leor daoine orm mar Fíona Bhaba.

**2. Cén ceantar ina bhfuil cónaí ort?** An Áird Mhóir

**3. An bhfuil tú sásta gur shocraigh tú fanacht ag baile agus cén fáth?** Bhí an t-adh dearg orm post sealadach a fháil i gceann de na scoileanna áitiúla nuair a chríochnaigh mé sa gcoláiste agus ina dhiadh sin post buan. Ní fhéadfainn a bheith níos sásta san áit ina bhfuil mé, áit chiúin, suaimhneach buailte ar an bhfarraige. Tá nádúr ar leith sna daoine agus bíonn siad ansin dá chéile nuair a thagann an crú ar an tairne. Leis an bpost atá agam freisin tugann sé neart deis dom roinnt taisteal a dhéanamh le linn an tSamhraidh agus áiteacha eile ar fud an domhain a fheicéal, ach sa mbaile i gcónaí a bhéas mo chroí.

**4. Cén tairbhe a bhaineann tú as an nGaeilge?** Is cuid dár gcultúr agus ár n-oidhreacht í an teanga Ghaeilge agus is iad ár dteanga, ár n-oidhreacht agus ár gcultúr a chomhaontaíonn pobal na hÉireann agus is iad seo na tréithe a dhéanann difriúil muid ó na tíortha eile ar fud an domhain. Tá nathanna cainte álainne sa nGaeilge nach gcloisfeá in aon teanga eile sa domhan agus nach dtuigfeá muna bhfuil an Ghaeilge agat go nadúrtha, tóg mar shampla, 'níor mhaith liom seasamh ar chois air', 'an chloch is mó ar an bpaidrín', 'ar chraiceann do chluaise' agus téann an liosta ar aghaidh, is breá liom na nathanna sin agus measaim go dtabhaireann an feasacht teanga sin cainteoirí dúchais le chéile mar phobal, mar ár dtreibh beag fhéin.

**5. An mbíonn tú in ann go leor do chuid oibre a dhéanamh trí Ghaeilge?** Rinne mé iarracht i gcónaí an Ghaeilge a úsáid in aon phost a bhí agam ach tá an t-adh orm sa bpost ina bhfuil mé anois go trí Ghaeilge a dhéanann mé mo chuid oibre ar fad. Tá mé mar mhúinteoir tacaíochta teanga i dtrí cinn go na scoileanna áitiúla agus sé an ról atá agam sa bpost sin na cur le saibhreas teanga agus le húsáid na Gaeilge i measc na ndaoine óga. Sé an aidhm is mó atá agam mar mhúinteoir tacaíochta teanga ná na gásúir a spreagradh chun an teanga a labhairt ar scoil le bród.

6**. An bhfuil caitheamh aimsire faoi leith a thaitníonn go mór leat?** Is breá liom a bheith ag snámh sa bhfarraige agus ag cadhcáil.

**7.An t-am den bhliain is fearr leat?** An Samhradh mar go mbíonn neart am le bheith amuigh faoin aer agus bíonn neart beocht san áit mar dheall ar na Féilte agus na rásaí báid.

**8. An tsaoire is mó cuimhní agat ar & cén fáth?** Nuair a chuaigh mé go Meiriceá i 2019. Chaith muid seachtain i Nashville, áit a raibh mé ag iarraidh cuairt a thabhairt air i gcónaí mar dheall ar an gceol tíre agus chaith muid coicís eile i mBoston áit inar bhuail muid le roinnt de mhuintir Chonamara a bhí thall. Bhí an- chraic go deo againn i rith na trí seachtaine sin agus ní dhéanfaidh mé dearmad air go deo.

**9.Cén clár teilifíse a bhfuil tú ag féachaint ar faoi láthair?** Grey's Anatomy agus Suits

**10. Cén seánra ceoil ina bhfuil suim agat ann?** Gach cinéal i ndáiríre ach go h-áirithe ceol tíre Mheiriceá.

**11. An raibh aon tionchar mór ag cúrsaí na géarchéime sláinte ort?** Ní raibh i ndáiríre seachas go raibh an scoil dúnta agus bhí orainn a bheith ag cur obair abhaile le na scoláirí agus a bheith i dteangmháil leo ar an gcóras zoom, rud a bhí dúshlánach uaireanta ach buíochas le Dia tá muid uilig ar ais sa seomra ranga arís agus tá súil agam go bhfanfaidh sé mar sin le cunamh Dé. Tá an t-ádh orainne thart anseo mar dheall ar an spás agus an saoirse atá againn le hais na bailte móra.

## Comórtas Grianghrafadóireachta



**Comhghairdeas mór le Mary Uí Fhlatharta, buaiteoir na míosa seo. Nach bhfuil an grianghraf seo go hálainn ar fad? Ba é an téama ná 'Amuigh faoin Spéir'. Buíochas le Lorg Media arís as ucht dul i mbun moltóireachta dúinn.**
**Seolaigí chugainn bhur bpictiúir do mhí Mheán Fómhair chun bhur sheans 'Hoodie' Pleanáil Teanga Chonamara Láir a bhuachan. Fógrófar téama na míosa go luath.**

## Logainm na Míosa

Leitir Mucú

Seo eolas a bailíodh ó Leabhar Scoil Chamuis:

'Ainm a tháinig ó Naomh Mucú. Tugadh Leitir air mar gheall go bhfuil an baile ar thaobh cnoic ach deirtear freisin gur Litir í seo a scríobh Naomh Mucú chuig a chara Colm Cille ag cur in iúl dó an éifeacht a bhí ag bás a chuid peataí air'

## Seanfhocal na Míosa:

'Ní troime don chaora olann agus ní troime don cholainn ciall'

## Bí i dteagmháil linn!


opt@conamaralair.ie
ocpt@conamaralair.ie


**Meáin Shóisialta**

Conamara Láir conamaralair
@ConamaraLair

'Ár dTeanga- Labhair í 's Bí Bródúil!'


Fógra Séanta: Ní ghlacann Forbairt Chonamara Láir Teo./ Pleanáil Teanga Chonamara Láir freagracht as aon ábhar ó tríú pháirtí atá curtha i gcló ar an nuachtlitir seo.